**POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE**

23 Bealtaine 2023

A chara,

Beatha agus sláinte chugat.

Sheol an Roinn Oideachais Clár an tSamhraidh 2023 le déanaí, Clár Baile-Bhunaithe chun tacú le riachtanais cúraim nó oideachais daltaí a bhfuil riachtanais chasta acu. Clúdaíonn an clár an tréimhse i rith laethanta saoire an tsamhraidh. Cuireann an clár baile-bhunaithe seo 10 n-uair an chloig sa tseachtain ar feadh 4 seachtaine i rith an tsamhraidh ar fáil le haghaidh tacaíocht sa bhaile.

Áirítear daltaí sna catagóir seo a leanas mar dhaltaí a bhfuil riachtanais chasta acu agus ar féidir leo leas a bhaint as an gclár tacaíochta baile-bhunaithe 2023:

1. Scoláire ar bith atá ar an rolla i scoil speisialta nó i rang speisialta - sa bhunscoil nó san iar-bhunscoil.

**2**. Scoláirí a bhfuil na riachtanais is suntasaí á léiriú acu i ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus a bhfuil rochtain á fáil acu ar an leibhéal is airde den Chontanam Tacaíochta (Tacaíocht Scoile Plus). San áireamh ansin beidh líon beag scoláirí a bhfuil riachtanais bhuana acu, ar riachtanais iad a chuireann isteach go suntasach ar a gcumas foghlaim a dhéanamh, feidhmiú go neamhspleách agus a bheith rannpháirteach san oideachas.

Tá cláir foghlama atá dírithe go mór ar an duine aonair agus atá difreáilte de dhíth ar na scoláirí sin, ar cláir iad atá an-éagsúil ó chláir a bpiaraí. D'fhéadfadh sé go mbeidís seo a leanas á léiriú ag na scoláirí sin:

- Riachtanais shuntasacha maidir le feidhmiú coirp agus/nó céadfach (lena n-áirítear scoláirí atá Bodhar nó a bhfuil caillteanas éisteachta atá idir trom agus an-trom acu agus scoláirí atá dall nó a bhfuil lagamharc atá idir trom agus an-trom acu).
- Riachtanais shuntasacha maidir le feidhmiú cognaíoch agus neamhspleáchas/scileanna maireachtála laethúla (lena n-áirítear scoláirí a bhfuil míchumas foghlama atá idir measartha agus trom NÓ suntasach/an-trom acu).
- Riachtanais shuntasacha maidir le cumarsáid shóisialta, caidreamh sóisialta in éineacht le patrúin iompraíochta atá docht agus atriallach.

POBALSCOIL
CHORCA DHUIBHNE

- Scoláirí a bhfuil siondróm Down orthu.
- Scoláirí a bhfuil riachtanais iompraíochta mhothúchánacha acu atá trom NÓ suntasach sa mhéid go bhfuil na hiompraíochtaí sin ar ábhar imní iad ag cur isteach ar chumas an scoláire foghlaim a dhéanamh, feidhmiú go neamhspleách agus a bheith rannpháirteach go hiomlán i saol na scoile.

**3.** Tá scoláirí uathacha incháilithe don Chlár seo.

**4.** Tá leanaí sna catagóirí thuas atá ag dul isteach sa bhunscoil agus i ranganna Luath- Idirghabhála ASD i mí Mheán Fómhair 2023 incháilithe don chlár seo freisin.

Tá léargas ar an gclár do Thuismitheoirí agus Múinteoirí/CRS ceangailte anseo agus tá breis eolais ann faoin scéim.

Má theastaíonn uait iarratas a dhéanamh ar an gclár seo an bhféadfá an fhoirm iarratais atá ceangailte anseo a líonadh agus a sheoladh ar ais go dtí an scoil roimh Dé Céadaoin, 31 Bealtaine.

Tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh leis an scoil má tá aon cheist agat faoi seo.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris

Príomhoide

POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

23 Bealtaine 2023

A chara,

The Department of Education has recently launched the 2023 Home-Based Summer Programme to support the education or care needs of students with complex needs during the summer break period. This home-based summer programme provides 10 hours per week for 4 weeks of home based support.

For the purposes of the Home-Based Summer Programme students with complex special educational needs are defined as:

1. Any student enrolled in a special school or a special class - primary and post primary

2. Students presenting with the most significant needs in mainstream classes in primary and post-primary schools who are accessing the highest level of the Continuum of Support (School Support Plus) . This will include a small number of students with enduring needs which significantly affect their capacity to learn, to function independently and to participate in education.

These students require highly individualised and differentiated learning programmes that are significantly different to their peers. These students may present with the following:

- Significant needs with physical and/or sensory functioning (including students who are Deaf or have severe to profound hearing loss and students who are blind or have severe to profound visual impairment)

- Significant needs in cognitive functioning and independence/daily living skills (including students who have moderate to severe OR significant/ profound learning disability)

- Significant needs in social communication, social interaction combined with rigid repetitive patterns of behaviour

- Students with Down syndrome

POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

- Students with severe OR significant emotional behavioural needs to the extent that these behaviours of concern are impacting on a student's ability

- to learn, to function independently and to participate fully in school life.

3. Autistic Students are eligible for this Programme.

4. Children in the above categories entering primary school and Early Intervention ASD classes in September 2023 are also eligible for the programme.

The programme overview for Parents and Teachers/SNAs is attached and it contains further information about the scheme.

If you wish to apply for the programme could you fill in the application form, attached here, and return it to the school before Wednesday, May 31st.

Feel free to make contact with the school if you have any questions around this.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris

Príomhoide